

**LEASUITHE 001-045**

ón gAn Coiste um Iascach

**Tuarascáil****Giuseppe Ferrandino****A9-0149/2020**

Plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2019)0619 – C9-0188/2019 – 2019/0272(COD))

**Leasú 1****Togra le haghaidh rialacháin****Aithris 4***Text proposed by the Commission*

(4) In 2018, le linn an 21ú cruinniú speisialta a bhí ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ('ICCAT'), rud a bunaíodh faoin gCoinbhinsiún, ghlac an Coimisiún Moladh 18-02 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir ("an Plean Bainistíochta"). Maidir leis an bPlean Bainistíochta, is plean é a leanann comhairle ón mBuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh ('SCRS') atá ag ICCAT, comhairle a deir gur cheart do ICCAT plean bainistíochta ilbhliantúil don stoc a chur ar bun i gcomhair 2018, mar de réir an stádais reatha atá ag an stoc, is cosúil nach bhfuil na forálacha éigeandála a tugadh isteach faoi phlean téarnaimh an tuinnín ghoirm ag teastáil feasta (forálacha a cuireadh ar bun faoi Mholadh 17-17 lenar leasaíodh Moladh 14-04).

*Leasú*

(4) In 2018, le linn an 21ú cruinniú speisialta a bhí ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ('ICCAT'), arna bhunú leis an gCoinbhinsiún, ghlac an Coimisiún Moladh 18-02 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir ("an Plean Bainistíochta"). Maidir leis an bPlean Bainistíochta, is plean é a leanann comhairle ón mBuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh ('SCRS') atá ag ICCAT, comhairle a deir gur cheart do ICCAT plean bainistíochta ilbhliantúil don stoc a chur ar bun i gcomhair 2018, mar de réir an stádais reatha atá ag an stoc, is cosúil nach bhfuil na forálacha éigeandála a tugadh isteach faoi phlean téarnaimh an tuinnín ghoirm ag teastáil feasta (forálacha a cuireadh ar bun faoi Mholadh 17-17 lenar leasaíodh Moladh 14-04), **ach gan na bearta faireacháin agus rialaithe atá ann**

*cheana a lagú.*

*Réasúnú*

*Sa tuarascáil is déanaí uaidh, shonraigh Buanchoiste um Thaighde agus Staidreamh (SCRS) an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) gur cheart don Choimisiún breathnú a dhéanamh ar aistriú ó phlean atógála go plean bainistithe, gan na bearta faireacháin agus rialaithe atá ann cheana a lagú.*

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(5a) Ag an 26ú cruinniú rialta dá chuid in 2019, ghlac ICCAT Moladh 19-04 lena leasaítear an plean bainistíochta ilbhliantúil a bunaíodh le Moladh 18-02. Déantar Moladh 18-02 a aisghairm agus a ionadú le Moladh ICCAT 19-04.*

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(8) Cuirtear san áireamh sa phlean Bainistíochta sainiúlacht na gcineálacha éagsúla trealaimh agus teicnící iascaireachta. Le linn dóibh an plean téarnaimh a chur chun feidhme, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit ***féachaint leis*** an méid seo a leanas a chur chun cinn: gníomhaíochtaí iascaireachta cósta agus úsáid trealamh agus teicnící iascaireachta atá roghnach agus ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol, lena n-áirítear trealaimh agus teicnící a úsáidtear in iascaigh thraidisiúnta agus mhionscála, rud a chuirfidh le caighdeán cóir maireachtála le haghaidh geilleagair áitiúla.

(8) Cuirtear san áireamh sa phlean Bainistíochta sainiúlacht na gcineálacha éagsúla trealaimh agus teicnící iascaireachta. Le linn dóibh an plean téarnaimh a chur chun feidhme, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit an méid seo a leanas a chur chun cinn: gníomhaíochtaí iascaireachta cósta agus úsáid trealamh agus teicnící iascaireachta atá roghnach agus ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol, ***go háirithe*** trealaimh agus teicnící a úsáidtear in iascaigh thraidisiúnta agus cheirde, rud a chuirfidh le caighdeán cóir maireachtála le haghaidh geilleagair áitiúla. ***Tá i measc na n-iascach traidisiúnta agus ceirde sin, mar shampla,***

*an teicníc ársa chun tuinníní ar a dtugtar “almadrabas” a ghaistiú agus a ghabháil, ar teicníc í a dhéantar in áiteanna áirithe sa Mheánmhuir, chomh maith leis an iascach cabhlaigh cósta mionscála ar éisc úra ag báid bhaoite, báid spiléireachta agus báid lámhdhorú. Agus na deiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil dóibh á leithdháileadh acu, ba cheart do na Ballstáit cuótaí náisiúnta a leithdháileadh go cothrom agus go trédhearcach ar chodanna éagsúla na gcabhlach, agus é mar aidhm acu cuid den chuóta a athdháileadh ar iascaigh thraidisiúnta agus cheirde, agus cearta stairiúla á gcur san áireamh.*

#### **Leasú 4**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(8a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar foráil le go leor dá gcuícuótaí d’fhoghabhálacha tuinnín ghorm ag iascaigh thraidisiúnta agus cheirde.*

*Réasúnú*

*Tá neart iascach ann a spriocdhíríonn ar speicis atá cosúil leis an tuinnín gorm, amhail an colgán, nach bhfuil cuóta acu dá bhfoghabhálacha tuinnín ghorim.*

#### **Leasú 5**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 8 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(8b) Ba cheart saintréithe agus riachtanais shonracha iascach mionscála a chur san áireamh.*

## Togra le haghaidh rialacháin Aithris 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Ós minic moltaí áirithe de chuid ICCAT á leasú ag Páirtithe Conarthacha in ICCAT, agus ós dóigh go ndéanfar tuilleadh leasuithe orthu sa todhchaí, agus ionas go bhféadfar moltaí ICCAT sa todhchaí a chur chun feidhme ina ndlíthe de chuid an Aontais go pras, is é sin moltaí lena leasófar nó lena bhforlíonfar plean Bainistíochta ICCAT; an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is cumhacht í ba cheart a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na ngnéithe seo a leanas: na spriocanna ama atá ann i leith an ráta básmaireachta iascaireachta is gá leis an mbithmhais stoic a choinneáil ar leibhéal atá ar comhsheasamh leis an UTI; ***na spriocanna ama atá ann le faisnéis a thuairisciú, tréimhsí ama i gcomhair na séasúir iascaireachta***; íosmhéideanna tagartha caomhnaithe; íosmhéideanna tagartha chaomhnaithe; céatadáin agus paraiméadair, an fhaisnéis atá le tíolacadh chuig an gCoimisiún; tascanna do na breathnóirí náisiúnta agus réigiúnacha, fáthanna leis an údarú um iasc a thabhairt anonn a dhiúltú; na fáthanna leis na gabhálacha a urghabháil agus le héisc a scaoileadh isteach san fharraige. Is tábhachtach go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016<sup>31</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am

*Leasú*

(14) Ós minic moltaí áirithe de chuid ICCAT á leasú ag Páirtithe Conarthacha in ICCAT, agus ós dóigh go ndéanfar tuilleadh leasuithe orthu sa todhchaí, agus ionas go bhféadfar moltaí ICCAT sa todhchaí a chur chun feidhme ina ndlíthe de chuid an Aontais go pras, is é sin moltaí lena leasófar nó lena bhforlíonfar plean Bainistíochta ICCAT; an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is cumhacht í ba cheart a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na ngnéithe seo a leanas: sprioc-amanna le haghaidh faisnéis a thuairisciú, tréimhsí ama i gcomhair séasúir iascaireachta; íosmhéideanna tagartha chaomhnaithe; céatadáin agus paraiméadair, an fhaisnéis atá le tíolacadh chuig an gCoimisiún; tascanna do na breathnóirí náisiúnta agus réigiúnacha, fáthanna leis an údarú um iasc a thabhairt anonn a dhiúltú; na fáthanna leis na gabhálacha a urghabháil agus le héisc a scaoileadh isteach san fharraige. Is tábhachtach go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016<sup>31</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha

céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

tarmligthe.

---

<sup>31</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

---

<sup>31</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

### *Réasúnú*

*Ní mór an aithris a bheith i gcomhréir le hAirteagal 65 den Mholadh seo.*

## **Leasú 7**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Is éard is cuspóir don Rialachán seo bithmhais an tuinnín ghoirm a choinneáil ***os cionn na leibhéal a theastaíonn le go mbeadh uastáirgeacht inbhuanaithe ann.***

*Leasú*

Is éard is cuspóir don Rialachán seo bithmhais an tuinnín ghoirm a choinneáil ***timpeall ar B0.1, arna bhaint amach trí iascaireacht ar F0.1 nó faoina bhun.***

### *Réasúnú*

*Níl an cuspóir, arna bhunú ag ICCAT, ag teacht salach ar chuspóir CBI maidir le UTI, ach tá sé níos sonraí ó thaobh an táscaire atá le húsáid.*

## **Leasú 8**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – pointe 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) ciallaíonn “iascach áineasa” an ghníomhaíocht in iascach neamhthráchtála a bhaineann leas as bith-acmhainní muirí i gcomhair na siamsaíochta nó na turasóireachta ***nó i gcomhair an spóirt;***

*Leasú*

(6) ciallaíonn “iascach áineasa” gníomhaíochtaí in iascach neamhthráchtála lena saothraítear muirí i gcomhair na siamsaíochta ***agus/nó*** na turasóireachta;

## Réasúnú

*Ba cheart an sainmhíniú ar iascach spóirt a áireamh sa togra.*

### Leasú 9

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(6a) ciallaíonn "Iascach spóirt" iascach neamhthráchtála a bhfuil baint ag a bhail le heagraíocht náisiúnta spóirt nó ar eisíodh ceadúnas náisiúnta spóirt dóibh;**

## Réasúnú

*Is é sin an sainmhíniú a thugtar i Moladh ICCAT.*

### Leasú 10

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – pointe 12

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(12) ciallaíonn “cur i gcaighean” tuinníní gorma a athlonnú **ar fheirmeacha agus iad a bheathú ina dhiaidh sin chun iad a ramhrú agus an bhithmhais iomlán atá iontu a mhéadú;**

(12) Ciallaíonn ‘cur i gcaighean’ tuinníní gorma beo a athlonnú **ón gcaighean nó ón ngaiste iompair go dtí na caighin feirmeoireachta nó ramhraithe;**

## Réasúnú

*Ar mhaithe le soiléireacht agus aonfhoirmeacht i measc CPCanna, ba cheart go mbeadh an sainmhíniú mar an gcéanna leis an sainmhíniú atá i Moladh ICCAT 18-02. Más rud é go bhfuil fadhb leis an sainmhíniú sin, ba cheart déileáil leis i gcomhthéacs ICCAT.*

### Leasú 11

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – pointe 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(14) ciallaíonn “feirm” limistéar muirí a bhfuil sainmhíniú soiléir air sna comhordanáidí geografacha, limistéar a úsáidtear le tuinníní gorma a ramhrú nó lena dtógáil ar fheirm, tuinníní a gabhadh i ngaistí agus/nó ar shoithí peas-saighne. Tharlódh suíomhanna éagsúla ag feirm, sainmhíniú soiléir orthu ar fad sna comhordanáidí geografacha, agus sainmhíniú soiléir ar an domhanfhad agus ar an domhanleithéad i gcás gach pointe de phointí an pholagáin;

*(Ní dhéantar difear don leagan Gaeilge.)*

## **Leasú 12**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – pointe 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(17) ciallaíonn “ceamara steiréascópach” ceamara ar a bhfuil dhá lionsa nó rud is mó ná dhá lionsa, agus braiteoir íomhánna nó fráma scannáin ar leith le haghaidh gach lionsa ionas gur féidir íomhánna tríthoiseacha a thógáil ar mhaithe le fad an éisc a thomhas;

(17) Ciallaíonn ‘ceamara steiréascópach’ ceamara ar a bhfuil dhá lionsa nó rud is mó ná dhá lionsa, agus braiteoir íomhánna nó fráma scannáin ar leith le haghaidh gach lionsa ionas gur féidir íomhánna tríthoiseacha a thógáil chun fad an éisc a thomhas **agus chun cuidiú le líon agus meáchan tuinníní gorma a bheachtú;**

*Réasúnú*

*Rinneadh an sainmhíniú a leasú le Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis.*

## **Leasú 13**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – pointe 32**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(32) ciallaíonn “iarracht iascaireachta” an toradh a bhíonn ar an rud is acmhainn do shoitheach iascaireachta, agus an toradh a bhíonn ar ghníomhaíocht soithigh

(32) ciallaíonn 'iarracht iascaireachta' an toradh ar chumas agus ar ghníomhaíocht soithigh iascaireachta; **i gcás grúpa de shoithí iascaireachta, ciallaíonn sé suim**

iascaireachta *i dtomhas dhéine* a chuid *oibríochtaí* iascaireachta. *Bíonn éagsúlacht sa tomhas sin ó threalamh go trealamh. Is é líon na nduán nó líon na n-uaireanta duáin an tomhas atá ann i gcás iascach le dorú fada. Is é líon na laethanta báadóireachta an tomhas atá ann i gcás na soithí peas-saighne (an t-am a chaitear ag iascaireacht móide an t-am a chaitear i mbun cuardaigh).*

*na n-iarrachtaí* iascaireachta *a dhéanann gach soitheach sa ghrúpa atá i gceist.*

#### *Réasúnú*

*Ní dhéantar foráil le Moltaí ICCAT do shainmhíniú ar “iarracht iascaireachta”. Dá mba rud é gur ghá sainmhíniú a áireamh anseo, ba cheart gurbh é an sainmhíniú a thabharfaí ná an ceann a thugtar in Airteagal 4(1), pointe 21 de Bhunrialachán CBI.*

#### **Leasú 14**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar a cheadú tuinníní gorma beo nár saothraíodh a thabhairt anonn má dhéanann an Coimisiún córas rialaithe athneartaithe a cheapadh agus a thuairisciú do Rúnaíocht ICCAT. Beidh an córas sin ina chuid lárnach de phlean cigireachta an Bhallstáit dá dtagraítear in Airteagal 13 agus áireofar ann na bearta a bhunaítear in Airteagail 26(3) agus 52 ar a laghad.

*Leasú*

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar a cheadú tuinníní gorma beo **ó ghabháil ó bhliain roimhe sin** nár saothraíodh a thabhairt anonn **laistigh d’fheirm** má dhéanann an Coimisiún córas rialaithe athneartaithe a cheapadh agus a thuairisciú do Rúnaíocht ICCAT. Beidh an córas sin ina chuid lárnach de phlean cigireachta an Bhallstáit dá dtagraítear in Airteagal 13 agus áireofar ann na bearta a bhunaítear in Airteagail 26(3) agus 52 ar a laghad.

#### *Réasúnú*

*Rinneadh an mhír a leasú le Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis.*

#### **Leasú 15**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 a (nua)**



**2a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaidís uasmhéid 5% dá gcuóta do 2019 a aistriú go 2020. Déanfaidh na Ballstáit an iarraidh sin a áireamh ina bplean acmhainneachta iascaireachta.**

*Réasúnú*

*Is féidearthacht do gach PCC í an fhéidearthacht cuóta nár úsáideadh a thabhairt anonn agus déantar foráil di i Moladh 19-04 ICCAT agus ba cheart an fhéidearthacht chéanna a bheith ag na Ballstáit.*

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Sula dtosóidh séasúr iascaireachta, áiritheoidh na Ballstáit atá freagrach as feirmeacha go ndéanfar measúnú críochnúil ar aon tuinníní gorma beo a tugadh anonn tar éis ollshaothruithe i bhfeirmeacha atá faoina ndlínse. Chuige sin, na tuinníní gorma beo go léir a tugadh anonn ón mbliain ghabhála ina ndearnadh ollshaothrú i bhfeirmeacha, aistrefar iad chuig caighin eile trí chórais ceamara steiréascópaigh nó modhanna eile a úsáid, ar choinníoll go ráthaítear an leibhéal céanna beaichte agus cruinnis leo, i gcomhréir le hAirteagal 50. Áiritheofar inrianaitheacht lándoiciméadaithe i gcónaí. I gcás tuinníní gorma a thabhairt anonn ó bhlianta nach ndearnadh **saothrú** lena linn, déanfar rialú go bliantúil ar an tabhairt anonn sin **tríd an** nós imeachta **samplála** céanna **a úsáid** atá bunaithe ar mheasúnú riosca.

*Leasú*

3. Sula dtosóidh séasúr iascaireachta, áiritheoidh na Ballstáit atá freagrach as feirmeacha go ndéanfar measúnú críochnúil ar aon tuinníní gorma beo a tugadh anonn tar éis ollshaothruithe i bhfeirmeacha atá faoina ndlínse. Chuige sin, na tuinníní gorma beo go léir a tugadh anonn ón mbliain ghabhála ina ndearnadh ollshaothrú i bhfeirmeacha, aistrefar iad chuig caighin eile trí chórais ceamara steiréascópaigh nó modhanna eile a úsáid, ar choinníoll go ráthaítear an leibhéal céanna beaichte agus cruinnis leo, i gcomhréir le hAirteagal 50. Áiritheofar inrianaitheacht lándoiciméadaithe i gcónaí. I gcás tuinníní gorma a thabhairt anonn ó bhlianta nach ndearnadh **ollsaothrú** lena linn, déanfar rialú go bliantúil ar an tabhairt anonn sin **tríd an** nós imeachta céanna **a chur i bhfeidhm maidir le samplaí iomchuí** bunaithe ar mheasúnú riosca.

*Réasúnú*

*Tá sé mar aidhm leis an leasú seo an téacs a ailiniú le Moltaí ICCAT.*

## Leasú 17

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2 **Féadfaidh** na Ballstáit **cuótaí eárnálacha a leithdháileadh ar** shoithí mionscála cósta atá údaraithe chun iascach ar thuinníní gorma agus áireoidh siad an leithdháileadh sin ina bpleananna iascaireachta. Áireoidh siad freisin ina bpleananna faireacháin, rialaithe agus cigireachta na bearta breise chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ídiú cuóta an chabhlaigh sin. Féadfaidh na Ballstáit líon éagsúil soithí a údarú lena ndeiseanna iascaireachta a thapú ina n-iomláine agus na paraiméadair dá dtagraítear i mír 1 a n-úsáid acu.

*Leasú*

2. **Déanfaidh** na Ballstáit **ag a bhfuil** soithí mionscála cósta atá údaraithe chun iascach a dhéanamh ar thuinníní gorma **cuóta eárnalach sonrach a leithdháileadh ar na soithí sin** agus áireoidh siad an leithdháileadh sin ina bpleananna iascaireachta. Áireoidh siad freisin ina bpleananna faireacháin, rialaithe agus cigireachta na bearta breise chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ídiú cuóta an chabhlaigh sin. Féadfaidh na Ballstáit líon éagsúil soithí a údarú lena ndeiseanna iascaireachta a thapú ina n-iomláine agus na paraiméadair dá dtagraítear i mír 1 a n-úsáid acu.

*Réasúnú*

*Tá sé mar aidhm leis an leasú seo an téacs a ailíniú le pointe 19(a) de Mholadh 19-04 ICCAT.*

## Leasú 18

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11, mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nuair a bheidh na deiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil dóibh á leithdháileadh acu, úsáidfídh na Ballstáit critéir thrédhearcacha oibiachtúla, lena n-áirítear critéir de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch, agus **féachfaidh siad freisin le** cuótaí náisiúnta a dháileadh go cothrom ar chodanna éagsúla na gcabhlach agus aird speisialta á tabhairt ar iascaigh

*Leasú*

I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nuair a bheidh na deiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil dóibh á leithdháileadh acu, úsáidfídh na Ballstáit critéir thrédhearcacha oibiachtúla, lena n-áirítear critéir de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch, **chomh maith le cearta stairiúla**, agus féachfaidh siad freisin le cuótaí náisiúnta a dháileadh go cothrom ar chodanna éagsúla na gcabhlach agus aird speisialta á tabhairt

thraidisiúnta agus mhionscála, agus *le* dreasachtaí a sholáthar do na soithí iascaireachta sin de chuid an Aontais a mbeidh trealamh roghnaitheach iascaireachta á úsáid acu nó a mbeidh teicnící iascaireachta á n-úsáid acu ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol.

## Leasú 19

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

ar iascaigh thraidisiúnta agus cheirde, agus le dreasachtaí a sholáthar do na soithí iascaireachta sin de chuid an Aontais a mbeidh trealamh roghnaitheach iascaireachta á úsáid acu nó a mbeidh teicnící iascaireachta á n-úsáid acu ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol.

*Leasú*

***Chun na críche sin, na Ballstáit a dhéanann níos lú ná 20% dá gcuóta tuinníní gorma a leithdháileadh ar a soithí mionscála cósta, déanfaidh siad plean athdháilte maidir le leithdháileadh bliantúil iascaireachta a bhunú, chun an cuóta a leithdháiltear ar na soithí sin a mhéadú. Sa phlean sin, léireoidh na Ballstáit conas a fhéachfaidh siad leis an gcuóta a athdháileadh i gcomhréir leis na prionsabail agus na critéir dá dtagraítear sa chéad mhír.***

## Leasú 20

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Gach Ballstát ag a bhfuil cuóta tuinníní gorma, déanfaidh sé plean bliantúil bainistithe acmhainne iascaireachta a cheapadh. Sa phlean sin, déanfaidh na Ballstáit an líon soithí **iascaireachta** a choigeartú sa tslí go n-áiritheofar go bhfuil an acmhainn iascaireachta i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta a leithdháileadh ar shoithí gabhála don tréimhse chuóta ábhartha. Coigeartóidh na Ballstáit an acmhainn iascaireachta trí úsáid a bhaint as na paraiméadair a shainítear sa ghníomh de

*Leasú*

Gach Ballstát ag a bhfuil cuóta tuinníní gorma, déanfaidh sé plean bliantúil bainistithe acmhainne iascaireachta a cheapadh. Sa phlean sin, déanfaidh na Ballstáit an líon soithí **agus gaistí gabhála** a choigeartú sa tslí **go n-áiritheofar** go mbeidh an acmhainn iascaireachta i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta a leithdháileadh ar shoithí **agus gaistí** gabhála don tréimhse chuóta ábhartha. Coigeartóidh na Ballstáit an acmhainn iascaireachta trí úsáid a bhaint as na

chuid an Aontais a bheidh i bhfeidhm le haghaidh na leithdháiltí deiseanna iascaireachta. Beidh an coigeartú acmhainne iascaireachta i gcás soithí peas-saighne teoranta d'uasathrú 20 % i gcomparáid leis an acmhainn bhunlíne iascaireachta don bhliain 2018.

paraiméadair a shainítear sa ghníomh de chuid an Aontais a bheidh i bhfeidhm le haghaidh na leithdháiltí deiseanna iascaireachta. Beidh an coigeartú acmhainne iascaireachta **an Aontais** i gcás soithí peas-saighne teoranta d'uasathrú 20% i gcomparáid leis an acmhainn bhunlíne iascaireachta don bhliain 2018.

#### *Réasúnú*

*Rinneadh an mhír a leasú le Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis. Meastar in Airteagal 4(4) de Rialachán 1380/2013 gur soithí iascaireachta iad gaistí. Leithdháiltear cuóta ar ghaistí freisin.*

### **Leasú 21**

#### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 14 – mír 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**6a. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na Ballstáit pleananna feirmeoireachta athbhreithnithe a thíolacadh chuig an gCoimisiún faoin 15 Bealtaine gach bliain.**

#### *Réasúnú*

*Rinneadh an mhír a leasú i Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis.*

### **Leasú 22**

#### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. I gcás ina mainneoidh Ballstát aon cheann de na pleananna dá dtagraítear i mír 1a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin sprioc-am nó ina gcinnfidh an Coimisiún go raibh cás tromchúiseach ann nár comhlíonadh forálacha an Rialacháin reatha mar a suíodh sna tuarascálacha

3. I gcás ina mainneoidh Ballstát aon cheann de na pleananna dá dtagraítear i mír 1a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin sprioc-am nó ina gcinnfidh an Coimisiún go raibh cás tromchúiseach ann nár comhlíonadh forálacha an Rialacháin reatha **a bhaineann leis na pleananna**

cigireachta críochnaitheacha, féadfaidh sé a chinneadh gan na pleananna nár cuireadh faoina bhráid a fhorhhuiniú agus plean an Aontais a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT gan pleananna an Bhallstáit lena mbaineann.

**iascaireachta bliantúla** mar a suíodh sna tuarascálacha cigireachta críochnaitheacha, féadfaidh sé a chinneadh gan na pleananna nár cuireadh faoina bhráid a fhorhhuiniú agus plean an Aontais a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT gan pleananna an Bhallstáit lena mbaineann.

## Leasú 23

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Chipir agus an Ghréig a iarraidh ina bpleananna iascaireachta bliantúla, amhail dá dtagraítear in Airteagal 10, go gceadófar do shoithí peas-saighne a bhfuil a mbratach ar foluain acu a bheith ag iascach ar thuinníní gorma sa Mheánmhuir Thoir (limistéar iascaireachta FAO 37.3.1 agus 37.3.2) ón 15 Bealtaine go dtí an 1 Iúil.***

*Réasúnú*

*Tá an maolú san áireamh i Moladh ICCAT 18-02.*

## Leasú 24

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Chróit a iarraidh ina bpleananna iascaireachta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 10 go gceadófar iascach ar thuinníní gorma chun críoch feirmeoireachta ó shoithí peas-saighne a bhfuil bratach na Cróite ar foluain orthu i Muir Aidriad (limistéar iascaireachta FAO 37.2.1) go dtí an 15 Iúil.

2. De mhaolú ar mhír 1 ***den Airteagal seo***, féadfaidh an Chróit ***agus an Iodáil*** a iarraidh ***ina bpleananna*** iascaireachta bliantúla, amhail dá dtagraítear in Airteagal 10, go gceadófar do shoithí peas-saighne a bhfuil ***a mbratach*** ar foluain orthu a bheith ag iascach ar thuinníní gorma chun críoch feirmeoireachta i Muir Aidriad (limistéar iascaireachta FAO 37.2.1) ***ón 26 Bealtaine***

go dtí an 15 Iúil.

### *Réasúnú*

*Ba cheart an téacs a ailíniú le Moladh ICCAT 18-02.*

## **Leasú 25**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. De mhaolú *ar mhír 1*, má sholáthraíonn Ballstát fianaise don Choimisiún gurb amhlaidh, mar thoradh *ar ghaotha dul chomh láidir le fórsa 4, nó níos láidre, ar scála Beaufort*, a bhí roinnt dá shoithí gabhála peas-*saighneoireachta* a bhí ag iascach ar thuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir neamhábalta ar *a ngnáthlaethanta iascaireachta a úsáid le linn bliana*, féadfaidh an Ballstát sin 10 lá a cailleadh ar a mhéad a *thabhairt ar aghaidh chuig an 11 Iúil an bhliain sin i gcás na soithí lena mbaineann*. Tabharfar údar cuí le neamhghníomhaíocht na soithí lena mbaineann agus, i gcás comhoibríocht iascaireachta, na soithí go léir a bhí páirteach trí thuairiscí aimsire agus suíomhanna CFS.

## **Leasú 26**

### **Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 20 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh gach Ballstát foráil maidir le *foghabháil* tuinníní gorma laistigh dá chuóta agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an

*Leasú*

3. De mhaolú *ar mhíreanna 1 agus 2*, má sholáthraíonn Ballstát fianaise don Choimisiún gurb amhlaidh, mar thoradh ar *fheiniméin aimsire neamhghnácha nó mar thoradh ar ghéarchéim sláinte poiblí*, nach raibh roinnt dá shoithí gabhála peas-*saighneoireachta* a bhí ag iascach ar thuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir ábalta *na ngnáthlaethanta iascaireachta a leithdháileadh orthu a úsáid le linn an tséasúir iascaireachta*, féadfaidh an Ballstát *síniú ama a chur leis an séasúr iascaireachta, ar síniú ama é arb ionann a fhad agus líon coibhéiseach na laethanta iascaireachta a cailleadh do na soithí lena mbaineann, suas le huasmhéid de 10 lá a cailleadh. I gcás feiniméin aimsire neamhghnácha*, tabharfar údar cuí le neamhghníomhaíocht na soithí lena mbaineann agus, i gcás comhoibríocht iascaireachta, na soithí go léir a bhí páirteach trí thuairiscí aimsire agus suíomhanna CFS.

*Leasú*

1. Déanfaidh gach Ballstát foráil maidir le *go leor foghabhálacha* tuinníní ghoirm laistigh dá chuóta agus cuirfidh sé an

eolas faoi sin tráth a chuirfidh sé a phlean iascaireachta ar aghaidh.

Coimisiún ar an eolas faoi sin tráth a chuirfidh sé a phlean iascaireachta ar aghaidh.

#### *Réasúnú*

*Tá neart iascach ann a spriocdhírionn ar speicis atá cosúil leis an tuinnín gorm, amhail an colgán, nach bhfuil cuóta acu dá bhfoghabhálacha tuinnín ghorim. Ní mór méid leordhóthanach den chuóta tuinnín ghoirm a chur i leataobh le haghaidh foghabhálacha.*

#### **Leasú 27**

##### **Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 29 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Ní ghlacfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais páirt i gcomhoibríochtaí iascaireachta in éineacht le soithí peas-saighne as PCCanna eile.

*Leasú*

3. Ní ghlacfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais páirt i gcomhoibríochtaí iascaireachta in éineacht le soithí peas-saighne as PCCanna eile. ***Féadfaidh na Ballstáit, áfach, a soithí peas-saighne a údarú dul i mbun comhoibríochtaí iascaireachta le PCCanna a bhfuil níos lú ná cúig shoitheach peas-saighne údaraithe acu. Chun na críche sin, déanfar prótacal a chomhaontú roimh ré idir an Ballstát agus an PCC lena mbaineann maidir leis na socrúithe oibríochtúla a bheidh le leanúint ag na soithí agus ag údaráis gach páirtí, go háirithe i ndáil leis na doiciméid dearbhaithe gabhála mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht is infheidhme.***

#### *Réasúnú*

*Sa togra ón gCoimisiún, fágtar ar lár mír 62 de Mholadh 19-04, lena ndéantar foráil maidir le maolú ar an toirmeasc ar chomhoibríochtaí iascaireachta. Beidh coinníollacha áirithe ag gabháil leis an maolú sin, go háirithe trí bhíthin prótacal arna chomhaontú idir na páirtithe leasmhara.*

#### **Leasú 28**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 35 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tuarascálacha **míosúla** ar chainníochtaí

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 35 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Roimh an 15ú lá de gach mí**, cuirfidh gach Ballstát **na** sonraí chuig an gCoimisiún faoi chainníochtaí na dtuinníní gorma a rinne na soithí iascaireachta nó na gaistí a raibh bratach an Bhallstáit sin ar foluain orthu nó a bhí cláraithe sa Bhallstát sin a ghabháil, a thabhairt i dtír, a thrasloingsiú nó a chur i gcaighean le linn na **míosa** roimhe sin. Déanfar an fhaisnéis a chuirfear ar fáil a leagan amach de réir an chineáil trealaimh lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le foghabhálacha, gabhálacha in iascaigh spóirt agus áineasa agus cásanna nárbh ann d’aon ghabháil. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh go pras chuig Rúnaíocht ICCAT.

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 38 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go sannfar breathnóir réigiúnach ICCAT amháin do gach feirm ar feadh thréimhse iomlán na n-oibríochtaí cur i gcaighean. I gcásanna force majeure, agus tar éis d’údaráis

*Leasú*

Tuarascálacha **seachtainiúla** ar chainníochtaí

*Leasú*

Déanfaidh gach Ballstát **tuarascálacha seachtainiúla maidir le gabhálacha** a sheoladh chuig an gCoimisiún. **Áireofar sna tuarascálacha sin** sonraí faoi chainníochtaí na dtuinníní gorma a rinne na soithí iascaireachta nó na gaistí a raibh bratach an Bhallstáit sin ar foluain orthu nó a bhí cláraithe sa Bhallstát sin a ghabháil, a thabhairt i dtír, a thrasloingsiú nó a chur i gcaighean le linn na **seachtaine** roimhe sin. Déanfar an fhaisnéis a chuirfear ar fáil a leagan amach de réir an chineáil trealaimh lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le foghabhálacha, gabhálacha in iascaigh spóirt agus áineasa agus cásanna nárbh ann d’aon ghabháil. **I gcás soithí peas-saighne agus gaistí, beidh Airteagal 31 á chomhlíonadh mutatis mutandis ag na tuarascálacha.** Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh go pras chuig Rúnaíocht ICCAT.

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go sannfar breathnóir réigiúnach ICCAT amháin do gach feirm ar feadh thréimhse iomlán na n-oibríochtaí cur i gcaighean. I gcásanna force majeure, agus tar éis d’údaráis an



**inniúla** an Bhallstáit lena mbaineann na cúinsí sin is cúis le *force majeure* a dheimhniú, féadfar breathnóir réigiúnach ICCAT amháin a shannadh do dhá fheirm san am céanna chun a ráthú go leanfar d'oibríochtaí feirmeoireachta. Ach an Ballstát atá freagrach as na feirmeacha iarrfaidh sé láithreach go gcuirfear breathnóir réigiúnach breise ar fáil.

Bhallstáit **feirmeoireachta** lena mbaineann na cúinsí sin is cúis le *force majeure* a dheimhniú, féadfar breathnóir réigiúnach ICCAT amháin a shannadh do dhá fheirm san am céanna chun a ráthú go leanfar d'oibríochtaí feirmeoireachta. Ach an Ballstát atá freagrach as na feirmeacha iarrfaidh sé láithreach go gcuirfear breathnóir réigiúnach breise ar fáil.

### *Réasúnú*

*Rinneadh an mhír a leasú le Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis.*

## **Leasú 31**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 43 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcásanna nach mbeidh caighdeán nó soiléireacht an fhístaiifeadta ard go leor chun meastachán a dhéanamh ar na cainníochtaí a aistríodh, áfach, féadfaidh máistir an tsoithigh nó oibreoir na feirme nó an ghaiste a iarraidh údarais an Bhallstáit fhreagraigh a údarú oibríocht aistrithe nua a dhéanamh agus an fístaiifeadadh comhfhreagrach a sholáthar don bhreathnóir réigiúnach. Mura mbeidh toradh sásúil ar an aistriú deonach rialaithe sin, tionscnóidh an Ballstát freagrach imscrúdú. Más rud é, tar éis imscrúdú, go ndeimhneofar nach féidir meastachán a dhéanamh ar na cainníochtaí a bhí i gceist san aistriú mar gheall ar cháilíocht an fhíseáin, ordóidh údarais rialaithe an Bhallstáit fhreagraigh oibríocht aistrithe rialaithe agus soláthróidh sé an fístaiifeadadh comhfhreagrach don bhreathnóir réigiúnach de chuid ICCAT. Déanfar aistrithe nua mar aistriú/aistrithe rialaithe go dtí gur féidir meastachán a dhéanamh ar na cainníochtaí a aistríodh de bharr cháilíocht an fhístaiifeadta.

*Leasú*

3. I gcásanna nach mbeidh caighdeán nó soiléireacht an fhístaiifeadta ard go leor chun meastachán a dhéanamh ar na cainníochtaí a aistríodh, áfach, féadfaidh máistir an tsoithigh nó oibreoir na feirme nó an ghaiste a iarraidh údarais an Bhallstáit fhreagraigh a údarú oibríocht aistrithe nua a dhéanamh agus an fístaiifeadadh comhfhreagrach a sholáthar don bhreathnóir réigiúnach. Mura mbeidh toradh sásúil ar an aistriú deonach rialaithe sin, tionscnóidh an Ballstát freagrach imscrúdú. Más rud é, tar éis imscrúdú, go ndeimhneofar nach féidir meastachán a dhéanamh ar na cainníochtaí a bhí i gceist san aistriú mar gheall ar cháilíocht an fhíseáin, ordóidh údarais rialaithe an Bhallstáit fhreagraigh oibríocht aistrithe rialaithe **eile** agus soláthróidh sé an fístaiifeadadh comhfhreagrach don bhreathnóir réigiúnach de chuid ICCAT. Déanfar aistrithe nua mar aistriú/aistrithe rialaithe go dtí gur féidir meastachán a dhéanamh ar na cainníochtaí a aistríodh de bharr cháilíocht an fhístaiifeadta.

## Réasúnú

Rinneadh an mhír a leasú le Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis.

### Leasú 32

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 50 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. I gcás ina léireoidh torthaí an chláir nach ionann líon na dtuinníní gorma a cuireadh i gcaighean agus na cainníochtaí a tuairiscíodh a gabhadh agus/nó a aistríodh, déanfaidh **an** Ballstát **atá freagrach as an bhfeirm**, i gcomhar leis an mBallstát nó leis an PCC atá freagrach as an **soitheach gabhála nó as an ngaiste, imscrúdú a thionscnamh**.

*Leasú*

4. I gcás ina léireoidh torthaí an chláir nach ionann líon na dtuinníní gorma a cuireadh i gcaighean agus na cainníochtaí a tuairiscíodh a gabhadh agus/nó a aistríodh, **déanfaidh** Ballstát **brataí an tsoithigh gabhála nó gaiste imscrúdú a thionscnamh**, i gcomhar leis an mBallstát nó leis an PCC atá freagrach as an **bhfeirm**.

## Réasúnú

Rinneadh an mhír a leasú le Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis.

### Leasú 33

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 51 – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Dearbhú** cur i gcaighean

*Leasú*

**Tuarascáil** maidir le cur i gcaighean

### Leasú 34

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 51 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Laistigh de sheachtain ó dheireadh na hoibríochta cur i gcaighean, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm dearbhú cur i gcaighean **de réir**

*Leasú*

1. Laistigh de sheachtain amháin ó dheireadh na hoibríochta cur i gcaighean, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm **tuarascáil, lena n-áirítear an**

Iarscríbhinn XIV a chur faoi bhráid an Bhallstáit nó an PCC ar ghabh a shoithí nó a ghaistí na tuinníní gorma, agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin é freisin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT.

dearbhú **cur i gcaighean a leagtar amach** in Iarscríbhinn XIV a sheoladh chuig an mBallstát nó an CPC ar ghabh a shoithí nó a ghaistí an tuinnín gorm, agus seolfaidh sé an tuarascáil sin chuig an gCoimisiún freisin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT.

#### *Réasúnú*

*I Moltaí ICAT 18-02 agus 19-04, déantar tagairt don fhaisnéis sin mar thuarascáil cur i gcaighean agus, dá bhrí sin, b'fhearr an téarma céanna a úsáid.*

#### **Leasú 35**

##### **Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 52 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Chun críoch mhír 2, déanfaidh gach Ballstát atá freagrach as feirmeacha céatadán íosta iasc a bheidh le rialú a leagan síos. Leagfar an céatadán sin amach sa phlean cigireachta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 13. Déanfaidh gach Ballstát torthaí na rialaithe randamacha a dhéanfar gach bliain a chur in iúl don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún na torthaí sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT i mí Aibreáin an **bhliain** dár gcionn.

#### **Leasú 36**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 54 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tuarascáil maidir le cur i gcaighean

#### **Leasú 37**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 54 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Leasú*

3. Chun críoch mhír 2, déanfaidh gach Ballstát atá freagrach as feirmeacha céatadán íosta iasc a bheidh le rialú a leagan síos. Leagfar an céatadán sin amach sa phlean cigireachta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 13. Déanfaidh gach Ballstát torthaí na rialaithe randamacha a dhéanfar gach bliain a chur in iúl don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún na torthaí sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT i mí Aibreáin na **bliana** tar éis **thréimhse an chuóta ábhartha**.

Tuarascáil **forléargais** cur i gcaighean

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Na Ballstáit a bhfuil sé d'oibleagáid orthu dearbhuithe cur i gcaighean a chur isteach faoi Airteagal 51 cuirfidh siad tuarascáil maidir le cur i gcaighean chuig an gCoimisiún gach bliain faoin 31 Iúil don bhliain roimhe sin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 1 Lúnasa gach bliain. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar áireamh sa tuarascáil:

*Leasú*

Na Ballstáit a bhfuil sé d'oibleagáid orthu dearbhuithe **agus tuarascálacha** cur i gcaighean a chur isteach faoi Airteagal 51 cuirfidh siad tuarascáil **forléargais** cur i gcaighean chuig an gCoimisiún gach bliain faoin 31 Iúil don bhliain roimhe sin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 1 Lúnasa gach bliain. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil **forléargais cur i gcaighean**:

*Réasúnú*

*Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, is gá idirdhealú a dhéanamh idir tuarascálacha aonair cur i gcaighean agus an tuarascáil bhliantúil a bhfuil sé de cheanglas ar an Ballstáit í a sheoladh chuig an gCoimisiún gach bliain.*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 56 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Chun críoch rialaithe, áiritheoidh an máistir nó a ionadaí nach geuirfear isteach ar shonraí ón CFS a tharchur ó shoithí gabhála atá údaraithe chun iascach go gníomhach ar thuinníní gorma fad a bheidh na soithí sin i gcalafort.

*Leasú*

3. Chun críoch rialaithe, áiritheoidh an máistir nó a ionadaí nach geuirfear isteach ar shonraí ón CFS a tharchur ó shoithí gabhála atá údaraithe chun iascach go gníomhach ar thuinníní gorma fad a bheidh na soithí sin i gcalafort, **murab ann de chóras lena bhfógraítear na soithí atá ag teacht agus ag imeacht sa chalafort.**

*Réasúnú*

*Tá an maolú san áireamh i Moladh ICCAT 18-02.*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 60 – mír 1**

Gan dochar d'Airteagail 89 go 91 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus go háirithe dualgas na mBallstát bearta forfheidhmiúcháin iomchuí a dhéanamh maidir le soitheach iascaireachta, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm/as na feirmeacha tuinníní gorma bearta forfheidhmiúcháin iomchuí maidir le feirm i gcás ina mbeidh sé suite, i gcomhréir lena dhlí, nach gcomhlíonann an fheirm sin forálacha Airteagail 45 go 55. **Féadfaidh sé go mbeidh ar áireamh sna bearta**, agus é sin ag brath ar a thromchúisí a bhí an cion agus i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den dlí náisiúnta, **an** taifead ar an **bhfeirm** tuinníní gorma a fhionraí nó a aistarraingt agus fineálacha **a fhorchur**.

Gan dochar d'Airteagail 89 go 91 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus go háirithe dualgas na mBallstát bearta forfheidhmiúcháin iomchuí a dhéanamh maidir le soitheach iascaireachta, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm/as na feirmeacha tuinníní gorma bearta forfheidhmiúcháin iomchuí maidir le feirm i gcás ina mbeidh sé suite, i gcomhréir lena dhlí, nach gcomhlíonann an fheirm sin forálacha Airteagail 45 go 55. Ag brath ar a thromchúisí a bhí an cion agus i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den dlí náisiúnta, **féadfaidh sé go mbeidh ar áireamh sna bearta sin, go háirithe, an t-údarú** a chur ar fionraí nó taifead ar an bhfeirm tuinníní gorma a fhionraí nó aistarraingt **ó** Thaifead **ICCAT** de shaoráidí feirmeoireachta Tuinníní Gorma **a bunáidh i gcomhréir le Moladh ICCAT 06-07, agus/nó** fineálacha.

#### *Réasúimí*

*Rinneadh an mhír a leasú le Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis.*

#### **Leasú 40**

#### **Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 61, mír 1**

1. Gan dochar do Rialacháin (CE) Uimh. 1224/2009, (CE) Uimh. 1005/2008 agus (AE) Uimh. 1379/2013<sup>46</sup>, maidir le tuinníní gorma, beidh toirmeasc san Aontas ar a dtrádáil a dhéanamh, ar iad a thabhairt i dtír, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur i gcaighean lena ramhrú nó le haghaidh feirmeoireachta, a ath-onnmhairiú agus a thrasloingsiú mura mbeidh doiciméadacht ag gabháil leo arb í an doiciméadacht chruinn chríochnaitheach bhailíochtaithe í a leagtar amach sa Rialachán seo, in Airteagal 4b de Rialachán (CE) Uimh.

1. Gan dochar do Rialacháin (CE) Uimh. 1224/2009, (CE) Uimh. 1005/2008 agus (AE) Uimh. 1379/2013<sup>46</sup>, maidir le tuinníní gorma, beidh toirmeasc san Aontas ar a dtrádáil a dhéanamh, ar iad a thabhairt i dtír, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur i gcaighean lena ramhrú nó le haghaidh feirmeoireachta, a ath-onnmhairiú agus a thrasloingsiú mura mbeidh doiciméadacht ag gabháil leo arb í an doiciméadacht chruinn chríochnaitheach bhailíochtaithe í a leagtar amach sa Rialachán seo, in Airteagal 4b de Rialachán (CE) Uimh.

1936/2001 agus i reachtaíocht de chuid an Aontais lena gcuirtear rialacha ICCAT maidir leis an gclár maidir le doiciméid um ghabháil chun feidhme.

1936/2001 agus i reachtaíocht de chuid an Aontais lena gcuirtear rialacha ICCAT maidir leis an gclár maidir le doiciméid um ghabháil chun feidhme.

---

<sup>46</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1184/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

---

<sup>46</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1184/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

## Leasú 41

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 61 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) gur soithí iascaireachta nó gaistí de chuid Stát brataí nach bhfuil cuóta, teorainn ghabhála ***ná leithdháileadh iarrachta iascaireachta*** aige le haghaidh tuinníní gorma faoi théarmaí bhearta caomhnaithe agus bainistíochta ICCAT a ghabh na tuinníní gorma, nó;

*Leasú*

(a) gur soithí iascaireachta nó gaistí de chuid Stát brataí nach bhfuil cuóta ***ná*** teorainn ghabhála aige le haghaidh tuinníní gorma faoi théarmaí bhearta caomhnaithe agus bainistíochta ICCAT a ghabh na tuinníní gorma, nó;

*Réasúnú*

*Rinneadh an mhír a leasú le Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis.*

## Leasú 42

### Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 65 – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) ***an sprioc maidir le básmhaireacht iasc chun an bhithmhais stoic a choinneáil de réir na huastáirgeachta inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal***

*Leasú*

***scriosta***

3;

### Réasúnú

*Is gné bhunriachtanach den Rialachán í an sprioc maidir le básmhaireacht iasc agus, dá réir sin, níor cheart í a mhodhnú ach amháin tríd an ngnáth nós imeachta reachtach (comhchinneadh).*

### Leasú 43

#### Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- ***Sciar nach mó ná 90% dá chuóta le haghaidh tuinníní gorma i measc a soithí gabhála i Muir Aidriad chun críochea feirmeoireachta.***

### Réasúnú

*Tá an fhoráil sin san áireamh i Moladh ICCAT 18-02.*

### Leasú 44

#### Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn X – pointe 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(9) Mura bhfuil an fístaifead ar cháilíocht ard go leor le meastachán a dhéanamh ar an líon tuinníní gorma atáthar á aistriú, ***déanfaidh na húdaráis rialála aistriú nua a iarraidh.*** Maidir leis ***an aistriú nua***, déanfar na tuinníní gorma go léir atá sa chaighean glactha a aistriú go caighean eile agus ní mór an dara caighean a bheith folamh.

(9) Mura bhfuil an fístaifead ar cháilíocht ard go leor le meastachán a dhéanamh ar an líon tuinníní gorma atáthar á aistriú, ***féadfaidh an t-oibreoir a iarraidh ar údaráis brataí an tsoithigh nó an ghaiste aistriú rialaithe deonach a dhéanamh.*** Maidir leis an ***aistriú rialaithe deonach sin***, déanfar na tuinníní gorma go léir atá sa chaighean glactha ***a aistriú*** go caighean eile agus ní mór an dara caighean a bheith folamh. ***I gcás inar de thionscnamh gaiste na héisc, féadfar na tuinníní gorma atá aistrithe cheana ón ngaiste go dtí an caighean glactha a sheoladh ar ais go dtí an gaiste agus, sa***

*chás sin, déanfar an t-aistriú rialaithe a chur ar ceal faoi mhaoirseacht an bhreathnóra réigiúnaigh de chuid ICCAT.*

*Réasúnú*

*Rinneadh an mhír a leasú le Moladh ICCAT 19-04, ar leasaíodh Moladh ICCAT 18-02 leis.*

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Iarscríbhinn XI – cuid B – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) Cuirfidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm tuarascáil ar fáil don Bhallstát nó don CPC atá freagrach as an soitheach gabhála nó as an ngaiste agus don Choimisiún, agus beidh na doiciméid seo a leanas inti:

*Leasú*

(2) ***Laistigh de 15 lá ón dáta cur i gcaighean***, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm tuarascáil a chur ar fáil don Bhallstát nó don CPC atá freagrach as an soitheach gabhála nó as an ngaiste agus don Choimisiún, agus beidh na doiciméid seo a leanas inti:

*Réasúnú*

*Tá an tráthchlár leagtha síos le Moladh ICCAT 18-02.*